Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Talmhaíochta

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2015**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

**ARDLEIBHÉAL**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**AGUS**

**FREAGRAÍ A bhFUILTEAR AG SÚIL LEO**

## Scéim Mharcála agus Freagraí a bhFuiltear ag Súil leo le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála á meas ba chóir na pointí a leanas a thabhairt ar aird:

- Níl na Freagraí a bhFuiltear ag Súil leo agus a chuirtear i láthair anseo uileghabhálach ná críochnaitheach. Féadfar marcanna a bhronnadh as aon fhreagraí eile atá ceart.

- I gcuid mhaith cásanna, d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna Freagraí a bhFuiltear ag Súil leo.

- Déantar pointí iomchuí breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.

Cinntítear an mionsonrú a theastaíonn i bhfreagra ar bith tríd an gcomhthéacs agus tríd an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus trí líon na marcanna a shanntar don fhreagra ar an scrúdpháipéar.  Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

## EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - Ardleibhéal

## *Scéim Mharcála*

### CUID I (120 marc)

20 CEIST – 15 CHEIST LE FREAGAIRT.

TÁ MARCANNA COTHROMA AG GABHÁIL LE GACH CEIST (8 MARC)

**1.** 4 @ 2 mharc an ceann

**2.** 2 @ 4 mharc an ceann

**3**. 8 marc

**4**. 2 @ 4 mharc an ceann

**5**. Sainmhíniú: 4 mharc (2m + 2m)
Samplaí: 2 @ 2 mharc an ceann

**6**. 2 @ 4 mharc an ceann

**7**. 2 @ 4 mharc an ceann

**8**. 2 @ 4 mharc an ceann

**9**. 2 @ 4 mharc an ceann

**10**. 8 marc (3m + 3m + 2m)

**11**. 2 @ 4 mharc an ceann

**12**. 8 marc (3m + 3m + 2m)

**13**. 2 @ 4 mharc an ceann

**14**. 8 marc

**15**. 2 @ 4 mharc an ceann

**16**. 2 @ 4 mharc an ceann

**17**. 2 @ 4 mharc an ceann

**18**. 2 @ 4 mharc an ceann

**19**. 2 @ 4 mharc an ceann

**20**. 2 @ 4 mharc an ceann

# CUID 2 (200 marc)

4 CHEIST LE FREAGAIRT AG 50 MARC AN CEANN

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | (i) | Míniú: | 4m + 4m | 8 m | |
| | | (ii) | Trí chúis | 3 @ 4 m an ceann | 12 m | 20 |
| | **(b)** | (i) | PED: | 2 @ 4 m an ceann | 8 m | |
| | | | Leaisteach nó neamhleaisteach: | 2 @ 2 m an ceann | 4 m | |
| | | (ii) | Ríomh an t-athrú san ioncam iomlán: | 2 @ 4 m an ceann | 8 m | 20 |
| | **(c)** | | Dhá thoisc: | 2 @ 5 mharc (3 + 2) | | 10 |
| | | | | | | **[50 marc]** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2.** | **(a)** | **Dhá** argóint: | 2 @ 9 m an ceann (5 m + 4 m) | 18 |
| | **(b)** | **Dhá** bheart: | 2 @ 7 marc (4 m + 3 m) | 14 |
| | **(c)** | **Trí** scéim thacaíochta: | 3 @ 6 mharc (3 m+3 m) | 18 |
| | | | | **[50 marc]** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **3.** | **(a)** | Graf: | Ceithre chuar ainmnithe @ 6 m an ceann<br>[Gach cuar: 6 phointe @ 1 m an ceann] | | 24 m | |
| | | | Teideal | 2m | | |
| | | | Na haiseanna a lipéadú: | 4 m (2 @ 2 m) | 6 m | 30 |
| | **(b)** | (i) | An Gearrthéarma nó an Fadtéarma | 2 m | | |
| | | | Fáth | 5 m (3 + 2) | 7 m | |
| | | (ii) | Mínithe | 6 m (3 + 3) | 6 m | |
| | | (ii) | An t-uasbhrabús curtha in iúl: | 5 m | | |
| | | | Fáth: | 2 m | 7 m | 20 |
| | | | | | | **[50 marc]** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **4.** | **(a)** | (i) | Ioncam na Feirme Teaghlaigh (FFI)<br>agus Íocaoichtaí Díreacha | 9 m (3 @ 3 m) | 9 m | |
| | | (ii) | **Trí** chúis | 3 @ 5 m (3 + 2) | 15 m | 24 |
| | **(b)** | Na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith rompu: | | 7m (4 + 3) + 6m (4 + 2) | 13 m | |
| | | Na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith rompu: | | 7m (4 + 3) + 6m (4 + 2) | 13 m | 26 |
| | | | | | | **[50 marc]** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **5.** | **(a)** | Téarmaí Trádála | 5 m + 5 m | 10 m | |
| | | Breac-chuntas tugtha ar an ríomh | 6 mharc | 6 m | 16 |
| | **(b)** | An tionchar is féidir a bheith ag meath | 6 m + 4 m | 10 m | 10 |
| | **(c)** | Treochtaí sa ghraf: | 3 @ 3 m | 9 m | |
| | | Cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leo: | 3 @ 5 m | 15 m | 24 |
| | | | | | **[50 marc]** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **6.** | **(a)** | Páirtbhuiséad | 25 figiúr @ 1m | 25 m | |
| | | Barrachas/easnamh | 7 marc | 7 m | 32 |
| | **(b)** | **Trí** thoisc: | 3 @ 6 mharc (3 + 3) | | 18 |
| | | | | | **[50 marc]** |

## CUID 1 (120 marc)

### (Freagair 15 cheist as 20. Ocht marc in aghaidh na ceiste)

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas? (Cuir tic le freagra amháin i ngach cás).**<br><br>**Fíor** / **Bréagach**<br>(i) Is eolaíocht shóisialta í an eacnamaíocht — Fíor ☑ Bréagach ☐<br>(ii) Tá an soláthar iomlán de thalamh talmhaíochta an-leaisteach ó thaobh an phraghais de — Fíor ☐ Bréagach ☑<br>(iii) Is féidir le ballstáit an AE tarraingt siar as an gComhbheartas Talmhaíochta — Fíor ☐ Bréagach ☑<br>(iv) Is í an Phríomh-Oifig Staidrimh a dhéanann an Suirbhé Náisiúnta Feirme — Fíor ☐ Bréagach ☑ | 4 x 2m |
| **2.** | **Cuir ciorcal thart ar an bhfocal cuí i ngach cás chun an ráiteas seo a leanas a chríochnú:**<br><br>Ar mhargadh lániomaíoch, bíonn cruth ingearach / **cothrománach** ar chuar an éilimh ar tháirge nó ar sheirbhís gach gnólachta ar leith, agus bíonn luach phraghasleaisteachas an éilimh cothrom le náid / **le héigríoch**. | 4 + 4 |
| **3.** | **Mínigh an téarma 'Fás Geilleagrach'.**<br><br>Méadú bliantúil mar chéatadán ar an méid earraí agus seirbhísí a tháirgtear sa gheilleagar. / Athruithe ar an bhfíor-Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) nó ar an bhfíor-Olltáirgeacht Intíre (OTI). | 4 + 4 |
| **4.** | **Sainmhínigh an téarma cuntasaíochta 'Glanfhiúchas' i gcomhthéacs na feirmeoireachta agus luaigh cé acu ráiteas airgeadais as an liosta thíos ina mbeifeá ag súil leis an téarma sin.**<br><br>(i) **Sainmhíniú**: Is é is glanfhiúchas ann ná luach chothromas an fheirmeora san fheirm nó luach úinéireacht an fheirmeora ar an bhfeirm. / Is é an difríocht é ó thaobh luacha de idir sócmhainní iomlána agus dliteanais iomlána na feirme.<br><br>(ii) **Ráiteas airgeadais**:<br>Comhardú trialach ☐ Cuntas brabúis & caillteanais ☐ Clár comhardaithe ☑ | 4m<br><br>4m |
| **5.** | **Sainmhínigh an téarma 'Ionchur Idirmheánach' agus liostaigh dhá shampla de as an talmhaíocht.**<br><br>(i) **Sainmhíniú**: Na táirgí ó thionscail eile a úsáidtear san fheirmeoireacht. D'áireofaí leo sin ionchuir ábhair agus ionchuir seirbhíse araon agus ídítear iad lom láithreach de ghnáth.<br><br>(ii) **Samplaí**: Leasachán, spraeanna barr, breosla, dlúthbhianna ainmhithe, costais tréidliachta, deisiúcháin ar innealra. | 4m<br>(2 + 2)<br><br>2m+2m |

**6.** **Taispeánann an tábla thíos sraith praghsanna ar an gcaoireoil. Ríomh na luachanna ar A agus B thíos atá in easnamh.**

| Bliain | 1 (bonnbhliain) | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|---|
| Praghas (€/100 kg) | 240 | 264 | 276 | **B** |
| Innéacs Praghsanna | 100 | **A** | 115 | 150 |

**A**: 110 (264/240*100) **B**: 360 (240/100*150)

2 x 4m

**7.** **Luaigh dhá shlí a gcuireann an talmhaíocht le sochaí na hÉireann, seachas cur leis an ngeilleagar.**

- Bainistíocht/cosaint gnáthóg
- Cur le pobail bheoga i gceantair tuaithe agus i gceantair iargúlta a choinneáil
- Slándáil bia
- Áilleacht aeistéitiúil na tuaithe a choinneáil (an turasóireacht).

2 x 4m

**8.** **Cén t-athrú ba chóir a theacht ar an bpá sa talmhaíocht agus ar an lucht oibre a fhostaítear de thoradh ar mhéadú ar sholáthar an luchta oibre sa talmhaíocht?**

| | **Méadú** | **Laghdú** | **Gan Athrú** | |
|---|---|---|---|---|
| (i) Pá | ☐ | ☑ | ☐ | 4m |
| (ii) Lucht oibre a fhostaítear | ☑ | ☐ | ☐ | 4m |

**9.** **Cuir an neasluach ceart in iúl i gcás gach ceann a leanas de staitisticí náisiúnta na hÉireann in 2013.**

| | €bn | €bn | €bn | |
|---|---|---|---|---|
| (i) Caiteachas iomlán na nAoníocaíochtaí Feirme | 0.7 ☐ | 1.2 ☑ | 3.2 ☐ | 4m |
| (ii) Luach na n-easpórtálacha agraibhia | 1.4 ☐ | 5.5 ☐ | 10.0 ☑ | 4m |

**10.** **Ainmnigh trí thionscal a chomhdhéanann an Earnáil Phríomhúil in Éirinn.**

(i) An talmhaíocht (ii) An fhoraoiseacht (iii) An iascaireacht

3 + 3 + 2

**11.** **Cén cineál earra a bhfuil cur síos air i ngach ceann de na ráitis seo a leanas?**

| | **Gnáthearra** | **Earra Lagmheasa** | |
|---|---|---|---|
| (i) Leantar méadú céatadánach ar ioncam le méadú céatadánach ar an gcainníocht a éilítear. | ☑ | ☐ | 4m |
| (ii) Leantar méadú céatadánach ar ioncam le laghdú céatadánach ar an gcainníocht a éilítear. | ☐ | ☑ | 4m |

| | | |
|---|---|---|
| **12.** | **Cén cineál eagraíochta é gach ceann díobh seo a leanas?**<br><br>| | | **Cuideachta phoiblí** | **Comhlacht státurraithe** | **Comhlacht deonach** |<br>(i) An Bord Bia — ☐ ☑ ☐<br>(ii) Glanbia — ☑ ☐ ☐<br>(iii) Macra na Feirme — ☐ ☐ ☑ | 3m<br>3m<br>2m |
| **13.** | **Ainmnigh dhá chineál íocaíochtaí díreacha a fhaigheann feirmeoirí na hÉireann faoin gComhbheartas Talmhaíochta.**<br><br>• An Scéim Íocaíochta Aonair / An Scéim Buníocaíochta<br>• Íocaíochtaí SCTT/SRCT<br>• Íocaíochtaí do limistéir faoi mhíbhuntáiste<br>• An Scéim GLAS / An Scéim Glasíocaíochta<br>• An Íocaíocht d'Fheirmeoirí Óga | 2 x 4m |
| **14.** | Luaigh buntáiste iomaíoch **amháin** atá ag táirgeadh gránbharr in Éirinn.<br><br>• Fiontair shuntasachta bheostoic as a dtagann margadh láidir beathaithe intíre agus mar a dtéann thart ar 75% de tháirgeadh gránbharr intíre chuig an margadh sin,<br>• Aeráid oiriúnach agus ithreacha oiriúnacha – tá táirgeacht gránbharr na hÉireann i measc na táirgeachta is airde ar domhan agus tá táirgeacht cruithneachta sa gheimhreadh i measc na táirgeachta is airde ar domhan.<br>• Cumas teicniúil láidir na saothróirí a thagann as taithí ar an earnáil a gnóthaíodh thar na blianta agus as tacaíocht a thabhairt do thaighde agus d'fhorbairt<br>• Astaítear níos lú gáis cheaptha teasa in aghaidh an heicteáir le táirgeadh barr ná a astaítear le córais atá bunaithe ar bheostoc. | 8m<br>(4 + 4) |
| **15.** | **Cuir ciorcal thart ar an gceann díobh seo a leanas nach toisc tháirgeachta é agus tabhair fáth le do fhreagra:**<br><br>(i) *Talamh* *Saothar* (***Pá***) *Caipiteal* *Bainistíocht/Fiontraíocht*<br><br>(ii) **Fáth**: Is é is 'pá' ann ná an praghas a íocann táirgeoirí as úsáid a bhaint as Saothar, ar toisc tháirgeachta é. Ní toisc tháirgeachta í an íocaíocht a dhéantar as. | 4m<br><br>4m |
| **16.** | **Cén tionchar is dócha a bheadh ag titim ghinearálta ar luach an euro in éadan airgeadraí eile ar gach ceann díobh seo a leanas?**<br><br>Méadú / **Laghdú** / **Gan athrú**<br>(i) Praghas táirgí déiríochta na hÉireann in ollmhargaí na Gearmáine. — ☐ ☐ ☑<br>(ii) An chainníocht d'uaineoil na hÉireann a éilíonn tomhaltóirí na Ríochta Aontaithe. — ☑ ☐ ☐ | 4m<br>4m |

| | | |
|---|---|---|
| **17.** | **'**Ba chóir caiteachas caipitiúil a leathadh thar roinnt blianta sna cuntais feirme agus cuid den chostas a iontráil gach bliain faoin gceannteideal **A**, agus is gnách úsáid a bhaint as modh an mhéid chothroim nó as modh **B** chun é a ríomh'.<br>**Scríobh síos na focail chuí do A agus B atá in easnamh.**<br>**A.** Dímheas<br>**B.** Iarmhéid atá ag titim / ag ísliú / ag laghdú | 4m<br>4m |
| **18.** | **Luaigh dhá athróg, seachas a phraghas, a mbíonn tionchar acu ar an gcainníocht de tháirge talmhaíochta a éilítear.**<br>• Ioncam<br>• Dúile agus roghanna / an tionchar atá ag an bhfógraíocht<br>• An tséasúracht<br>• Praghas na n-earraí ionaid agus na n-earraí comhlántacha atá á dtomhailt<br>• Cáilíocht an bhia. | 2 x 4m |
| **19.** | **Luaigh dhá shlí ar féidir le feirmeoirí na hÉireann teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (ICT) a úsáid chun bainistíocht na talún a fheabhsú.**<br>• Tomhas níos fearr ar thorthúlacht na talún/an chothaithe a chumasú / Braiteoirí a dhéanann monatóireacht ar an teocht i dtaisleach agus in ithir<br>• Amanna innilte a rialú chun na tairbhí a bharrfheabhsú<br>• Stiallinnilt a rialú chun na tairbhí a bharrfheabhsú<br>• An uair is fearr chun fómhar a dhéanamh a aithint<br>• Córais chliste uisciúcháin / córais fálta gan sreang. | 2 x 4m |
| **20.** | **Luaigh deis amháin agus bagairt amháin d'earnáil na feola in Éirinn a d'fhéadfadh teacht chun cinn as cainteanna an AE le Stáit Aontaithe Mheiriceá faoin tsaorthrádáil.**<br>**(i) Deis:**<br>• Bheadh rochtain ar mhargaí mairteola den scoth i Stáit Aontaithe Mheiriceá<br>• Chuirfí teorainn leis an gcumas atá ag rialtais idirghabháil a dhéanamh nó margaí a shaobhadh<br>• Bhrúfaí taighde agus forbairt chun cinn<br>• D'fhorbrófaí táirgí breisluacha<br>**(ii) Bagairt:**<br>• Bhrúfaí na praghsanna anuas d'fheirmeoirí Éireannacha le hiomaíocht mhéadaithe<br>• Saincheisteanna maidir le cáilíocht an bhia (hormóin/antaibheathaigh nó bianna géinmhodhnaithe a úsáid). | 4m<br>4m |


# CUID 2 (200 marc)

## Ceist 1


Marcanna

Taispeánann na léaráidí thíos cuar an éilimh ($É_1$ $É_1$) agus cuar an tsoláthair ($S_1S_1$) i gcás dhá earra, X agus Y, sna margaí.

**Margadh Earra X**




**Margadh Earra Y**




**(a) Bogann cuar an tsoláthair sa dá mhargadh ar chlé ($S_1S_1$ go $S_2S_2$).**

**(i) Mínigh cé acu méadú nó laghdú ar an soláthar a léiríonn sé sin.**

Laghdú ar an soláthar: tá an chainníocht atá á soláthar níos lú anois ag aon phraghas ar leith.

8m (4 + 4)

**(ii) Tabhair breac-chuntas ar thrí chúis a d'fhéadfadh a bheith leis an mbogadh sin sa soláthar.**

12m (3 x 4m)

- Praghsanna méadaithe ionchuir/costais mhéadaithe táirgeachta: laghdóidh méadú ar phraghsanna ionchuir amhail pá, amhábhair, costais fuinnimh nó costas caipitil a thoilteanaí atá táirgeoirí táirgí a dhéanamh ag gach praghas ar leith.
- Soláthar laghdaithe ionchur: cuirfidh fáil laghdaithe ar ionchuir brú aníos ar phraghas na n-ionchur, rud a laghdóidh an soláthar.
- Rialacháin shriantacha maidir le táirgeadh: is féidir leo dul i bhfeidhm go díreach ar an gcumas atá ag gnólachtaí earraí a sholáthar.
- Drochathrú teicniúil: cuireann meath ar an teicneolaíocht teorainn leis an gcumas atá ag gnólachtaí na tosca táirgeachta a úsáid chun aschur a tháirgeadh.
- Laghdú ar phraghas na n-earraí comhlántacha atá á dtáirgeadh: ioncam laghdaithe a eascraíonn as earraí a tháirgtear i dteannta an earra i gceist, imreoidh sé drochthionchar ar a thoilteanaí atá táirgeoirí aschur a chruthú.
- Méadú ar phraghas na n-earraí ionaid atá á dtáirgeadh: tugann sé dreasacht do tháirgeoirí aistriú amach ón earra i gceist a tháirgeadh agus an t-earra ionaid atá á tháirgeadh a tháirgeadh ina ionad.
- Aistreoidh ionchais go dtitfidh praghsanna amach anseo cuar an tsoláthair ar dheis.
- Beidh cáin shonrach arna forchur ag an rialtas ina cúis le níos lú soláthair ag aon phraghas margaidh ar leith.
- Athróga comhshaoil, e.g. drochaimsir.

| | |
|---|---|
| **(b) I gcás Earra X agus Earra Y araon:**<br><br>**(i) Ríomh Praghasleaisteachas an Éilimh (PED) a léirítear leis an mbogadh sa soláthar agus luaigh cé acu praghasleaisteach nó praghas-neamhleaisteach atá gach earra acu.**<br><br>$$Foirmle: \quad PED = \frac{\Delta C}{\Delta P} \times \frac{P_1 + P_2}{C_1 + C_2}$$ | |
| (table below) | 12m (4m+2m) + (4m+2m) |

| | ΔC/ΔP | (P2+P1)/(C2+C1) | PED | Leaisteach/neam hleaisteach |
|---|---|---|---|---|
| PED X | -0.5 (-10/20) | 0.4 (40/100) | -0.2 | Neamhleaisteach |
| PED Y | -7.5(-30/4) | 0.3 (24/80) | -2.25 | Leaisteach |

**(ii) Ríomh an t-athrú san ioncam iomlán a chruthaítear leis an mbogadh sa soláthar de gach earra díobh.**

Ioncam Iomlán (TR) = Praghas X Cainníocht
Earra X: Athrú ar an ioncam iomlán = (€30 x 45) - (€10 x 55) = €1,350 - €550 = **móide €800** — 4m

Earra Y: Athrú ar an ioncam iomlán = (€14 x 25) - (€10 x 55) = €350 - €550 = **lúide €200** — 4m

**(c) Tabhair breac-chuntas ar dhá thoisc a mbíonn tionchar acu ar phraghasleaisteachas an éilimh ar earra.** — 10m [2 x 5m (3+2)]

- An fháil ar earraí ionaid agus ar a chosúla atá siad: Méadaíonn an fháil ar earraí ionaid cosúla le haghaidh earra nó seirbhíse praghasleaisteachas an éilimh. Dá mhéad an inionadaitheacht, is amhlaidh is mó leaisteachas a bhaineann leis an éileamh ar an earra. De ghnáth, baineann éileamh leaisteach le hearraí a bhfuil earraí ionaid cosúla ar fáil ina leith, cé gur níos neamhleaistí de ghnáth a bhíonn an t-éileamh ar earraí nach bhfuil aon earraí ionaid ar fáil ina leith.
- An cion d'ioncam a chaitear ar an earra: Dá mhéad an cion d'ioncam a chaitheann tomhaltóirí ar earra, is amhlaidh is mó leaisteachas a bhaineann leis an éileamh ar an earra sin.
- Íogaireacht i leith athrú praghais: Dá mhéad an t-am atá ag tomhaltóirí dul i dtaithí ar athrú praghais nó dá mhéad an t-am is féidir earra a stóráil gan a luach a chailleadh, is amhlaidh is mó leaisteachas a bhaineann leis an éileamh ar an earra sin. De ghnáth, bíonn leaisteachas an éilimh níos leaistí san fhadtéarma ná sa ghearrthéarma.
- Cineál an earra: D'fhéadfadh earraí riachtanacha nó na hearraí sin a bhfuil leibhéal ard dílseacht bhranda acu praghasleaisteachas éilimh níos ísle a bheith acu (praghas-neamhleaisteach). Bíonn earraí a mheastar a bheith ina só-earraí níos íogaire i leith praghais / níos praghasleaistí de ghnáth.

**50 m**

| **Ceist 2** | **Marcanna** |
|---|---|
| **(a) Tabhair breac-chuntas ar dhá argóint a thacaíonn le hidirghabháil an rialtais in earnáil na feirmeoireachta.**<br>• Cúiseanna slándála bia: a chinntiú go bhfuil an tír in ann go leor bia a tháirgeadh chun freastal ar a pobal.<br>• Cúiseanna sábháilteachta bia: a chinntiú go bhfuil an bia a dhéanann an tír a tháirgeadh agus a iompórtáil sábháilte le hithe.<br>• Éagobhsaíocht i bpraghas agus i margaí a laghdú: chun soláthar leanúnach aschur talmhaíochta agus coinneáil praghsanna seasta bia do thomhaltóirí a chinntiú.<br>• Táirgiúlacht talmhaíochta a chur chun cinn: chun gníomhú in aghaidh na claontachta leanúnaí go dtiteann praghsanna aschur talmhaíochta agus, dá bhrí sin, go dtiteann ioncam ar gcúl ar an earnáil neamhthalmhaíochta go praiticiúil le himeacht ama.<br>• Cúiseanna comhshaoil: a chinntiú nach dtagann na nithe seo a leanas as aschur talmhaíochta agus as iompórtálacha talmhaíochta: damáiste comhshaoil, caillteanas gnáthóg, uiscebhealaí damáistithe agus éilliú screamhuisce.<br>• Cúiseanna réigiúnacha agus cúiseanna modh maireachtála: a chinntiú go leanann an fheirm theaghlaigh de bheith i mbun gnó agus a chinntiú go bhfuil an fheirmeoireacht mar bhonn agus thaca ag an ngeilleagar réigiúnach.<br>• Margaíocht agus oiliúint: trí chomhlachtaí stáit amhail Bord Bia agus Teagasc. | 18m<br>[2 x 9m<br>(5+4)] |
| *I gCáinaisnéis 2015, thug Rialtas na hÉireann isteach roinnt beart cánach a bhí dírithe ar fheirmeoirí. San áireamh sna bearta sin bhí:*<br>• *Méadú 50% ar thairseacha na díolúine ó Cháin Ioncaim ar ioncam ó* ***thalamh ar léas****.*<br>• *Díriú níos fearr ar fhaoiseamh ó Cháin ar Fháltais Chaipitiúla (CAT) sa talmhaíocht i leith feirmeoirí gníomhacha i gcás maoin talmhaíochta a fhaigheann siad mar bhronntanas nó le hoidhreacht seachas feirmeoirí neamhghníomhacha.* | |
| **(b) Déan plé ar an dóigh a bhféadfadh an dá bheart atá luaite sa bhosca thuas cuidiú chun tacú le forbairt earnáil rathúil talmhaíochta in Éirinn.**<br>1: Tá léasóirí talún díolmhaithe ó cháin ioncaim ar mhéideanna a mhéadaíonn de réir a chéile de réir fhad an léasa (5-7 mbliana, 7-10 mbliana, >10 mbliana). Méadaíodh na tairseacha cáin ioncaim sin faoi 50%, rud a spreagann tuilleadh léasú talún, go háirithe ar bhonn níos fadtéarmaí. Spreagann tabhairt isteach an cheathrú tairseach léasú níos fadtéarmaí agus cabhróidh sí freisin le hiontrálaithe nua agus le feirmeoirí óga maoiniú fadtéarmach a fháil, mar go mbíonn an téarma ar an maoiniú sin ceangailte le fad an léasa talún de ghnáth.<br>2: Díriú níos fearr ar fhaoiseamh talmhaíochta ó Cháin ar Fháltais Chaipitiúla i leith feirmeoirí cáilithe nó lánaimseartha: Tugadh an beart sin isteach chun an t-aistriú talún chuig daoine aonair nach mbíonn i mbun feirmeoireachta go gníomhach (i.e. a chaitheann níos lú ná 50% dá gcuid ama i mbun feirmeoireachta) nó nach bhfuil cáilíochtaí feirmeoireachta acu a dhíspreagadh. Toradh eile a bheidh air is ea go spreagfaidh sé an t-aistriú talún chuig feirmeoirí óga, ar feirmeoirí iad ar dócha go bhfuil cáilíochtaí acu agus go bhfuil spreagadh acu le táirgiúlacht fhadtéarmach na talún a fheabhsú. Tá an faoiseamh ó Cháin ar Fháltais Chaipitiúla ar fáil freisin do dhaoine aonair nach feirmeoirí gníomhacha iad agus a ligeann an réadmhaoin ar léas ar bhonn fadtéarmach le feirmeoirí gníomhacha le haghaidh úsáid talmhaíochta. | 14m<br>[2 x 7m<br>(4+3)] |

**(c)** *Bhí trí phríomhchuspóir ag* ***Clár Forbartha na Tuaithe, 2007-13****: iomaíochas fheirmeacha na hÉireann a fheabhsú; cosaint don chomhshaol a chur chun cinn; agus cáilíocht na beatha i gceantair tuaithe a fheabhsú.*

**Tabhair breac-chuntas ar scéim thacaíochta amháin a tugadh isteach faoin gclár seo chun gach ceann de na cuspóirí sin a chur i gcrích.**

18m
[3 x 6m
(3+3)]

1. Iomaíochas fheirmeacha na hÉireann a fheabhsú: samplaí de bhearta:

(i) **An Scéim um Chúnamh Suiteála Feirmeoirí Óga**: Tacaíonn an Scéim um Shuiteáil Feirmeoirí Óga (Cúnamh Suiteála) le daoine óga dul isteach san earnáil talmhaíochta. Déanann sí soláthar do dheontas aonuaire €15,000 a íocfar le feirmeoirí oilte idir 18 mbliana d'aois agus 35 bliain d'aois a thosaigh ar an bhfeirmeoireacht den chéad uair an 1 Eanáir 2007 nó ina dhiaidh

(ii) **An Scéim Luathscoir**: tugadh isteach í i mí an Mheithimh 2007. D'fhéadfadh feirmeoirí a théann ar scor go luath faoin scéim a bheith i dteideal pinsin ar fiú suas le €15,000 sa bhliain é ar feadh 10 mbliana ar a mhéad.

(iii) **Scéimeanna Infheistíochta Caipitiúla ar an bhFeirm**: Cuirtear cúnamh deontais ar fáil le haghaidh tionscadail éagsúla infheistíochta caipitiúla ar fheirmeacha e.g. deontais le haghaidh trealamh déiríochta (a mbeidh tábhachtach faoi leith leo mar ghearr ar chealú na gcuótaí bainne in 2015), saoráidí stórála sciodair (e.g. ceanglais na treorach um níotráití a chomhlíonadh), foirgnimh feirme, tionscnaimh a chabhraíonn leis an gcomhshaol (e.g. bithbhreoslaí), infheistíochtaí a dhéanann feirmeoirí óga.

2. Cosaint don chomhshaol a chur chun cinn: samplaí de bhearta:

(i) **SCTT/SRCT**: scéim arb é is aidhm di luach saothair a thabhairt d'fheirmeoirí as gníomhaíochtaí feirmeoireachta a dhéanamh ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus feabhsú comhshaoil a chur ar fheirmeacha atá ann cheana. Tá sí ag brath ar phlean comhshaol talmhaíochta le haghaidh a bhfeirme a bheith dréachtaithe ag feirmeoirí agus ar cheanglais áirithe chomhshaoil a bheith á gcomhlíonadh acu ar an gcéad dul síos.

(ii) **Scéim na Limistéar Mídheisiúil (Limistéar faoi Mhíbhuntáiste)**: íocaíochtaí a thairgtear d'fheirmeoirí chun an Scéim a thabhairt isteach maidir le caomhnú leantach na tuaithe i limistéir sléibhe agus i limistéir mhídheisiúla eile a chinntiú. Meastar í a bheith ina cineál cúitimh as an táirgiúlacht níos ísle agus as na costais aonaid níos airde a bhaineann le dul i mbun feirmeoireachta sna cineálacha limistéar iargúlta sin agus limistéar ina bhfuil talamh ísealcháilíochta.

3. Cáilíocht na beatha i gceantair tuaithe a fheabhsú: samplaí de bhearta:

Cláir **LEADER**: Cuireann siad tacaíocht agus maoiniú ar fáil d'fhiontraithe nó do ghrúpaí pobail ar mian leo gnóthas nó seirbhís a bhunú i gceantair tuaithe. Is féidir leo deontais suas le €500,000 a chur ar fáil do ghrúpaí pobail agus deontais suas le €150,000 a chur ar fáil d'fhiontraithe aonair.

**50m**

| Ceist 3 | Marcanna |
|---|---|


**(a) Taispeánann an tábla thíos an t-aschur agus na costais ar fheirm dhéiríochta Sheáin.**

| Aschur ('000 lítear) | 0 | 2 | 4 | 6 | 8 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán na gCostas (€) | 100 | 150 | 200 | 350 | 700 | 1200 |

*Glac leis go dtuilleann Seán ioncam €100 ar gach 1,000 lítear bainne a tháirgtear.*
*Ar ghraf amháin, an t-aschur ar an x-ais agus an costas/ioncam ar an y-ais, breac gach ceann díobh seo a leanas. (Is ceadmhach grafpháipéar a úsáid chun an cheist seo a dhéanamh.):*

**(i) Iomlán na gcostas (cuir an lipéad CI ar an gcuar).**
**(ii) An t-ioncam iomlán (cuir an lipéad I I ar an gcuar).**
**(iii) Iomlán na gcostas seasta (cuir an lipéad CS ar an gcuar).**
**(iv) Iomlán na gcostas athraitheach (cuir an lipéad CA ar an gcuar).**

| Aschur | Iomlán na gCostas | An tIoncam Iomlán | Costais Sheasta | Costais Athraitheacha | Brabús |
|---|---|---|---|---|---|
| 0 | 100 | 0 | 100 | 0 | -100 |
| 2 | 150 | 200 | 100 | 50 | 50 |
| 4 | 200 | 400 | 100 | 100 | 200 |
| 6 | 350 | 600 | 100 | 250 | 250 |
| 8 | 700 | 800 | 100 | 600 | 100 |
| 10 | 1200 | 1000 | 100 | 1100 | -200 |




30m:
Cuair
(4 x 6m)
Teideal
2m
Lipéid
(2 x 2m)


| | |
|---|---|
| **(b) Agus tú ag tagairt don ghraf a tharraing tú i gcuid (a):**<br><br>**(i) Cé acu an gearrthéarma nó an fadtéarma a léirítear sa ghraf? Tabhair fáth le do fhreagra.**<br><br>**An gearrthéarma**: léiríonn na costais €100 atá ag an bhfeirmeoir nuair is ionann an t-aschur agus nialas gurb ann do chostais sheasta €100. Ní fhéadann costais sheasta a bheith ann ach sa ghearrthéarma mar gurb athraitheach san fhadtéarma a bhíonn gach costas. | 7m:<br>[Gearr-théarma<br>2m<br>Fáth<br>(3 + 2)] |
| **(ii) Mínigh cén fáth a dtosaíonn na costais athraitheacha ag méadú de réir cainníochtaí níos mó i ndiaidh 4,000 lítear bainne a tháirgeadh.**<br><br>Méadaíonn costais athraitheacha de réir méideanna níos mó tar éis 4,000 lítear aschuir de bharr dhlí na gcostas méadaitheach (nó dlí an toraidh laghdaithigh). De réir mar a chuirtear méid níos mó den ionchur athraitheach le cainníocht ionchur seasta ar leith sa ghearrthéarma, is amhlaidh go dtosaíonn an táirge imeallach a tháirgtear ag laghdú ar deireadh. Mar thoradh air sin, caithfear na costais athraitheacha a bhaineann le haonaid bhreise aschuir a tháirgeadh a mhéadú de réir méideanna níos mó freisin. | 6m<br>(3 + 3) |
| **(iii) Cuir in iúl ar do ghraf an leibhéal aschuir ar a ndéanann Seán a uasbhrabús. Tabhair fáth le do fhreagra.**<br><br>Uasbhrabús déanta: 6,000 lítear aschuir mar gurb ansin atá an difríocht is mó idir an t-ioncam iomlán agus iomlán na gcostas (€250) | *7m*:<br>PM<br>5m<br>Fáth<br>2m |
| | **50m** |

## Ceist 4

**Marcanna**

Taispeánann an bharrachairt thíos an meánioncaim ón bhfeirm theaghlaigh (FFI) agus figiúirí na n íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí na hÉireann, de réir réigiúin, in 2013.

**An Meánioncam ón bhFeirm Theaghlaigh (FFI) agus Íocaíochtaí Díreacha de reir an Réigiúin in Éirinn 2013**




**(a) (i) Agus an t-eolas sa bharrachairt thuas á úsáid agat, déan cur síos ar na príomhdhifríochtaí idir na réigiúin maidir leis an meánioncam ón bhfeirm theaghlaigh agus maidir leis na híocaíochtaí díreacha a fuarthas.**

- Is i réigiún an Oirdheiscirt, réigiún an Deiscirt, réigiún an Iardheiscirt agus réigiún an Oirthir a thuilltear na leibhéil FFI is airde. Is ag na réigiúin sin freisin atá cion níos ísle de thuilleamh iomlán a bhfuil íocaíochtaí díreacha agus fóirdheontais ina gcúis leis.
- I Lár na Tíre, is beag difear idir an cion den ioncam a thagann as FFI agus an cion den ioncam a thagann as íocaíochtaí díreacha.
- I gcás réigiún na Teorann agus réigiún an Iarthair, tá FFI i bhfad níos ísle agus tá íocaíochtaí díreacha ina gcúis le cion níos mó den tuilleamh feirme iomlán.
- San iomlán, is cosúil go bhfuil tuilleamh feirme iomlán (FFI móide íocaíochtaí díreacha) measartha íseal i réigiún na Teorann agus i réigiún an Iarthair i gcomparáid leis na réigiúin eile.

9m
(3 x 3)


**(ii) Tabhair breac-chuntas ar thrí chúis a bhfuil na difríochtaí réigiúnacha seo ann.**

- Cineál feirmeoireachta: Tá an fheirmeoireacht déiríochta níos coitianta i réigiúin amhail an Deisceart, an tOirdheisceart, an tIardheisceart agus an tOirthear. Cruthaíonn an fheirmeoireacht déiríochta luach aschuir atá níos mó ná cineálacha eile feirmeoireachta agus tá seans níos mó ann gur feirmeoirí lánaimseartha iad na feirmeoirí sa tionscal sin. D'fhéadfadh sé sin a mhíniú cén fáth a bhfuil an leibhéal FFI agus tuillimh iomláin níos airde sna ceantair sin ná sna ceantair eile. I réigiún na Teorann agus i réigiún an Iarthair, is mó seans go mbíonn feirmeoirí ag brath ar thógáil eallaigh nó ar chaoirigh agus nach n-oibríonn siad mar fheirmeoirí ach go páirtaimseartha. Dá bhrí sin, bíonn siad ag brath ar ioncam lasmuigh den fheirm chun cur le tuilleamh.

15m:
[3 x 5m
(3+2)]

| | | |
|---|---|---|
| | ▪ Cáilíocht na talún: tá cáilíocht na talún san Oirthear, san Oirdheisceart, sa Deisceart agus san Iardheisceart níos airde ná cáilíocht na talún i réigiún na Teorann agus i réigiún an Iarthair. Dá réir sin, bíonn luach an aschuir in aghaidh an heicteáir níos airde sna ceantair sin agus d'fhéadfadh na costais aonaid a bhaineann le feirmeoireacht a dhéanamh ar an talamh a bheith níos ísle. Méadaíonn sé sin an FFI sna ceantair sin.<br><br>▪ Méid feirme: bíonn feirmeacha níos lú i réigiún an Iarthair agus i réigiún an Iarthair de ghnáth. Dá réir sin, bíonn costais níos airde in aghaidh an aonaid ag feirmeacha sna ceantair sin mar thoradh ar bharainneachtaí scála níos ísle. Fágann na méideanna beaga feirme agus an gá le feirmeoirí a bheith ag brath ar ioncam lasmuigh den fheirm freisin go bhfuil seans níos mó ann go bhfuil feirmeoireacht neamhéifeachtúil á déanamh ar thalamh i réigiún an Iarthair nó i réigiún na Teorann nó go bhfuil an talamh á húsáid mar fheirmeacha caitheamh aimsire.<br>▪ Bonneagar agus gaireacht do cheantair uirbeacha: d'fhéadfadh na láithreacha iargúlta agus na deacrachtaí a bhaineann le rochtain ar thalamh i réigiún an Iarthair agus i réigiún na Teorann a bheith ina gcúis leis na costais measartha ard a bhaineann le feirmeoireacht a dhéanamh ar an talamh sin.<br><br>▪ Déimeagrafaic: de ghnáth, is sine an phróifíl aoise, go háirithe i measc an phobail feirmeoireachta, i réigiún an Iarthair agus i réigiún na Teorann. Is féidir leis sin a bheith ina chúis le leibhéil níos ísle infheistíochta agus táirgiúlachta ar fheirmeacha. I ngach réigiún eile, is mó seans go mbainfidh feirmeoirí níos óige agus níos cáilithe leas as forbairtí teicniúla agus eolaíocha nua-aimseartha chun táirgiúlacht agus fáltais a mhéadú. | |
| **(b)** | ***"Ó 1984 i leith, tá tionscal [na déiríochta] ag obair taobh istigh de thimpeallacht cuótaí. Bainfear na ceangail den tionscal i mí Aibreáin seo chugainn agus ina dhiaidh sin beidh meascán de dheiseanna iontacha agus de dhúshláin roimh na comhpháirtithe uile."***<br>**An tAire Simon Coveney, Comhdháil Náisiúnta na Déiríochta, 2014**<br>**Déan plé ar na deiseanna agus ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheidh roimh fheirmeoirí déiríochta na hÉireann i ndiaidh córas na gcuótaí a chur ar ceal.**<br><br>**Deiseanna a d'fhéadfadh a bheith rompu**:<br>• Ós rud é gurb acu a bhíonn na corrlaigh is airde i measc mórchineálacha feirme, tá roinnt mhaith feirmeoirí déiríochta i ndea-staid airgeadais chun infheistiú i bhfairsingiú.<br>• Mar thoradh ar a córas bunaithe ar fhéarach, tá buntáiste nádúrtha costais ag feirmeoirí déiríochta na hÉireann i dtáirgeadh déiríochta ar iomaitheoirí.<br>• Is dearfach atá an dearcadh sa mheántéarma maidir le praghsanna bainne de bharr éileamh suntasach domhanda ar tháirgí déiríochta atá bunaithe ar dhaonra domhanda atá ag méadú agus ar fhás geilleagrach atá ag méadú i ngeilleagair éiritheacha.<br>• Ós rud é go bhfuil sí ar cheann de na heaspórtálaithe déiríochta is mó ar domhan, tá bonneagar próiseála dea-bhunaithe ag Éirinn agus tá clú próiseála dea-bhunaithe uirthi ar féidir léi forbairt a dhéanamh orthu sa todhchaí.<br>• Tá an-deis ann d'earnáil déiríochta na hÉireann le fairsingiú ach tuilleadh aschur breisluacha a chruthú. | 13m<br>(4m+3m)<br>+<br>(4m+2m) |

| | |
|---|---|
| **Na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith rompu:**<br>• Tá praghsanna bainne an-luaineach sa mhargadh domhanda agus d'fhéadfaidís drochthionchar a imirt ar fheirmeoirí mura ndéanann siad dlúthmhonatóireacht ar a sreabhadh airgid<br>• Teastaíonn leibhéil shuntasacha infheistíochta maidir le trealamh, talamh agus pórú chun fairsingiú in earnáil na déiríochta. Caithfidh feirmeoirí a bheith cúramach pleanáil agus buiséadú a dhéanamh le haghaidh na gcostas infheistíochta sin, go háirithe nuair a mhaoinítear iad le fiachas.<br>• Astaíonn an fheirmeoireacht déiríochta méid suntasach gáis cheaptha teasa (e.g. meatán). Is as an talmhaíocht a thagann thart ar 30% d'astaíochtaí na hÉireann, figiúr atá i bhfad níos mó ná formhór na dtíortha san AE. Meastar go dtiocfaidh méadú 9% sa bhreis ar na hastaíochtaí sin de bharr an tionchair a bheidh ag Fómhar Bia 2020 agus go bhfuil deireadh ag teacht leis an gcuóta bainne. Mar sin, is dócha go leanfar ar aghaidh ag díriú orthu mar gheall ar na húdair imní chomhshaoil agus rialacháin chomhshaoil. Ina theannta sin, is féidir leis an AE pionóis dhiana a ghearradh ar cháiníocóirí.<br>• Is féidir leis an bhfáil agus an rochtain ar thalamh a bheith ina mórdhúshlán maidir le fairsingiú. Teastaíonn talamh ó fheirmeacha déiríochta atá gar do shaoráidí blite agus ag a bhfuil rochtain mhaith chun cur ar chumas ainmhithe siúl chuig an bhféarach agus saoráidí blite agus amach uathu.<br>• Is féidir le rochtain ar mhaoiniú a bheith ina fadhb do roinnt mhaith feirmeacha déiríochta in Éirinn toisc gur gnóthais teaghlaigh iad an chuid is mó acu. | 13m<br>(4m+3m)<br>+<br>(4m+2m) |
| | **50m** |

| **Ceist 5** | **Marcanna** |
|---|---|
| **(a) Mínigh cad a chiallaíonn 'Téarmaí Trádála' na talmhaíochta agus tabhair breac-chuntas ar an dóigh a ríomhtar iad.** | |
| Téarmaí trádála: cuireann an téarma sin síos ar an dóigh a mbogann na praghsanna a fhaigheann feirmeoirí as a gcuid earraí agus seirbhísí i gcoibhneas an phraghais nach mór dóibh a íoc as ionchuir (i.e. tosca táirgeachta). | 10m<br>(5 + 5) |
| Na téarmaí trádála a ríomh: roinn an t-innéacs praghsanna aschuir (e.g. an t-innéacs praghsanna aschuir talmhaíochta) ar an innéacs praghsanna ionchuir (e.g. an t-innéacs praghsanna ionchuir talmhaíochta). | 6m |
| **(b) Mínigh an tionchar is féidir a bheith ag meath sna téarmaí trádála ar fháltas airgeadais na bhfeirmeoirí.** | |
| Má tá an cóimheas ag meath, ciallaíonn sé go bhfuil praghas aschuir atá níos ísle ná praghsanna ionchuir á fháil ag feirmeoirí. Is féidir leis sin na fáltais airgeadais agus ionchais ioncaim ar fheirmeacha a laghdú (i.e. cúngach praghais le costas). Mar sin féin, ní chuirtear san áireamh i dtéarmaí trádála atá ag meath foinsí féideartha eile ioncam feirme amhail íocaíochtaí díreacha nó bearta eile ar féidir le feirmeoirí úsáid a bhaint astu chun an méid ionchur a laghdú nó torthaí aschuir a mhéadú. | 10m<br>(6 + 4) |
| **(c) Léiríonn an graf thíos téarmaí trádála na talmhaíochta in Éirinn ó 2007 go 2014. Déan cur síos ar na treochtaí a léirítear sa ghraf agus tabhair breac-chuntas ar chúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis na treochtaí sin.** | |
|  | |
| Meath sna téarmaí trádála 2007-2009: Ó 2007 go 2009, d'fhulaing feirmeacha ardú suntasach ar chostas aschur, go háirithe na costais a bhaineann le leasacháin, le fuinneamh agus le bianna ainmhithe. Is iad na méaduithe ar phraghsanna ola sa tréimhse sin agus tús na géarchéime airgeadais ba chúis leis sin. D'fhulaing feirmeoirí meath i bpraghsanna aschuir le haghaidh barr agus ainmhithe le linn na tréimhse sin mar go ndeachaigh drochthoradh geilleagrach na géarchéime airgeadais i bhfeidhm ar éileamh intíre agus ar éileamh ár bpríomh-mhargaí easpórtála (an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach).<br>Méadú sna téarmaí trádála 2009-2013: Sa tréimhse tar éis 2009, théarnaigh na téarmaí trádála, mar thoradh ar na praghsanna aschuir ní b'airde a bhí á bhfáil ag | Treocht<br>3m<br>Cúis 5m |

| | | |
|---|---|---|
| | feirmeoirí go príomha. Is é an t-éileamh méadaitheach ó mhargaí éiritheacha agus an téarnamh i dtrádáil le margaí easpórtála a bhí ann cheana ba chúis leis sin. Cé gur tháinig meath ar phraghsanna ionchuir in 2009 tar éis a n-ardaithe tosaigh in 2008, tá siad ag ardú den chuid is mó ón mbliain 2010 i leith.<br><br>Laghdú sna téarmaí trádála 2013-2014: d'fhéadfaí an laghdú a tháinig ar théarmaí trádála le déanaí a chur i leith meatha i bpraghsanna aschuir, lena n-áirítear praghsanna domhanda bainne agus praghsanna Éireannacha mairteola. D'fhéadfaí cuid de sin a chur i leith an laghdaithe ar an éileamh ar tháirgí amhail bainne ó mhargaí áirithe, an tSín go háirithe. | Treocht 3m<br>Cúis 5m<br><br>Treocht 3m<br>Cúis 5m |
| | | **50m** |

| Ceist 6 | Marcanna |
|---|---|

*Tá Sorcha ag smaoineamh ar roinnt foirgneamh feirme nach bhfuil in úsáid faoi láthair a athchóiriú agus siopa feirme a bhunú. Tá sí ag pleanáil mairteoil an 50 bodóg a thógann sí ar a feirm gach bliain a dhíol. Is iad seo a leanas sonraí airgeadais an tsiopa nua feirme:*

- *Measann Sorcha go mbeidh ioncam €8.50 an kg ó na bodóga sa siopa feirme, agus go bhfaighidh sí 300 kg feola ar an meán ó gach bodóg. Ioncam €3.85 an kg feola a thuillfeadh Sorcha dá gcuirfeadh sí a cuid bodóg chuig monarcha phróiseála, €500 a chosnódh sé iad a iompar ann.*
- *Tá sé socraithe ag Sorcha go ndéanfaidh seamlas áitiúil búistéireacht ar na bodóga ar €100 an cloigeann chun an mhairteoil a ullmhú don siopa feirme. Déanfaidh an seamlas an fheoil a phacáistiú chomh maith ar chostas €1,000 breise san iomlán.*
- *Gheobhaidh Sorcha iasacht, a chosnóidh €240 in aghaidh na míosa, chun na foirgnimh feirme atá ann faoi láthair a athchóiriú mar shiopa feirme. Sa chás nach mbunaíonn sí siopa feirme, thiocfadh le Sorcha na foirgnimh seo a ligean ar léas le feirmeoir eile ar €1,000 in aghaidh na bliana.*
- *Cosnóidh sé €200 in aghaidh na míosa chun an siopa a reáchtáil, solas, teas agus árachas san áireamh. Tá Sorcha ag pleanáil duine a fhostú chomh maith ar feadh 40 seachtain sa bhliain ar €400 sa tseachtain chun cuidiú le reáchtáil an tsiopa.*

**(a) Agus tú ag úsáid an eolais thuas, déan páirtbhuiséad a dhréachtú don siopa nua feirme sa chéad bhliain dó i mbun gnó. Cuir san áireamh más cuí an t-ioncam a ligtear ar ceal agus na costais a spáráiltear. Ríomh an t-easnamh iomlán nó an barrachas iomlán a ghinfear.**

**Anailís Pháirtbhuiséid ar Shiopa Feirme a Bhunú**

| **Costais bhreise agus ioncam arna sheachligean** | | | **Ioncam breise agus costais arna sábháil** | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costais bhreise** | **Oibriúcháin** | **Iomlán** | **Ioncam breise** | **Oibriúcháin** | **Iomlán** |
| Costais mharaithe | 50*100 | 5,000 | Díolacháin mhairteola | 50*8.50*300 | 127,500 |
| Pacáistiú | 1,000 | 1,000 | | | |
| Aisíoc iasachta (siopa) | 240*12 | 2,880 | | | |
| Solas, teas agus árachas | 200*12 | 2,400 | | | |
| Costais foirne | 40*400 | 16,000 | | | |
| **Ioncam arna sheachligean** | | | **Costais arna sábháil** | | |
| Díolacháin bhodóg | 50*3.85*300 | 57,750 | Iompar | 500 | 500 |
| Cíos arna sheachligean | 1,000 | 1000 | | | |
| **Iomlán** | | **86,030** | **Iomlán** | | **128,000** |

25m

**Barrachas** **41,970**

7m

*Ba cheart leagan amach cuí a bheith ag an bpáirtbhuiséad.*

| | |
|---|---|
| **(b) Seachas pleanáil airgeadais, déan plé ar thrí thoisc ar chóir do Shorcha iad a chur san áireamh chomh maith sula mbeartaíonn sí ar shiopa feirme a bhunú.**<br><br>• Scileanna agus oiliúint: ní mór cinneadh a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na scileanna riachtanacha agus an t-eolas riachtanach a theastaíonn chun an siopa a reáchtáil ag an bhfeirmeoir. D'fhéadfadh oiliúint i ngnóthas beag a reáchtáil agus conas caighdeáin sláinteachais agus sábháilteachta bia a chomhlíonadh a bheith ag teastáil.<br><br>• Taighde margaidh: tá taighde ag teastáil chun a chinntiú go bhfuil go leor éilimh sa réimse leis an ngnó a chothú agus chun iomaitheoirí eile sa réimse a mheasúnú.<br><br>• Láthair / rochtain do chustaiméirí: Ba chóir don fheirmeoir a ghaire atá sé do bhóithre agus do bhealaí rochtana eile agus an fháil ar pháirceáil a chur san áireamh.<br><br>• Eispéireas siopadóireachta ilfhreastail: Beidh formhór na dtomhaltóirí ag iarraidh siopa a fhéadann freastal ar a riachtanais go léir i dtaca le siopadóireacht a dhéanamh le haghaidh béilí teaghlaigh san aon áit amháin. Tá sé tábhachtach don fheirmeoir a cumas leis an tseirbhís sin a chur ar fáil a mheas.<br><br>• Bainistíocht ama: má bhíonn sé ar intinn ag Sorcha leanúint d'oibriú mar fheirmeoir agus an siopa feirme á reáchtáil aici, ba chóir an cumas chun an dá thasc a dhéanamh ag an aon am amháin a chur san áireamh. D'fhéadfaí fostaithe a fhostú chun cabhair a chur ar fáil mar mhalairt air sin, ach bheadh costais bhreise i gceist leis.<br><br>• Cur chun cinn agus fógraíocht an táirge: ní mór do Shorcha a chur san áireamh conas a chuirfidh sí a táirge chun cinn trí mhodhanna amhail stáisiúin raidió/nuachtáin áitiúla, bileoigíní, comharthaíocht agus promóisin shéasúracha.<br><br>• Comhlíonadh rialachán: Caithfidh Sorcha timpeallacht shábháilte a chur ar fáil do chustaiméirí agus d'fhostaithe féideartha araon. D'fhéadfadh cead pleanála a bheith ag teastáil má bhíonn saoráidí á dtógáil. Caithfear clárú le FSS chun críocha sláinte agus sábháilteachta freisin. | 18 m<br>[3 x 6m<br>(3+3)] |
| | **50m** |